Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0413(COD)**

**12231/18**
**ADD 1 REV 1**

**CODEC 1481**
**UD 206**
**ECOFIN 828**
**CRIMORG 123**
**DROIPEN 131**
**EF 238**
**ENFOCUSTOM 186**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe ar airgead tirim a thagann isteach san Aontas nó a imíonn as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Faoi Airteagal 53(1) den dréacht-TREOIR (EU) 2018/ … Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an … lena leasaítear Treoir (EU) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (AMLD5), malartaíonn na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais, go spontáineach nó de dhroim iarrata, aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun gur féidir leis an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais faisnéis maidir le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta a phróiseáil nó a anailísiú. Is faoin Aonad um Fhaisnéis Airgeadais a fhágfar an cinneadh maidir le hábharthacht na faisnéise atá le malartú, lena n-áirítear sonraí a gheofar faoin Rialachán atá beartaithe maidir le rialuithe ar airgead tirim. I ndáil leis an méid sin, tugann an Coimisiún le fios, i bhfianaise phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, nach féidir forálacha Airteagal 8 den Rialachán atá beartaithe a léirmhíniú mar ní a dhéanann difear d'fhorálacha an 5ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a bheidh ann nó mar ní a chruthaíonn oibleagáid shainordaitheach le haghaidh malartú faisnéise idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais chun críocha an Rialacháin atá beartaithe.

Faoi Airteagal 65(2) den dréacht-TREOIR (EU) 2018/ … Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an … lena leasaítear Treoir (EU) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (AMLD5), ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcreat do chomhar na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais le tríú tíortha agus, ina theannta sin, ar bhacainní agus deiseanna i dtaca le comhar idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais san Aontas a fheabhsú, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le sásra comhordúcháin agus tacaíochta a bhunú. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú freisin an gá an comhar idir na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais a neartú a thuilleadh.

**Ráiteas ón nGearmáin**

Feictear don Ghearmáin go ndealraíonn sé go bhfuil fadhb ag baint leis an tréimhse choinneála aonfhoirmeach cúig bliana dá dtagraítear in Airteagal 13(4), ós rud é go bhféadfaí sonraí a bhailiú faoi dhaoine aonair nach ndearna aon riail a shárú agus nach bhfuil aon údar tugtha acu féin chun go ndéanfaí a gcuid sonraí a stóráil. Dá bhrí sin, b'fhearr dá ndéanfaí idirdhealú in Airteagal 13(4) idir tréimhsí coinneála i gcomhair daoine aonair a bhfuil amhras ann fúthu agus tréimhsí coinneála ina gcomhair siúd nach bhfuil amhras ann fúthu. Mar sin féin, is díol sásaimh don Ghearmáin an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta nach ceadmhach ach síneadh aon uaire nach mó ná trí bliana a chur leis an tréimhse choinneála i gcomhréir le hAirteagal 13(5).